C/2025/1043

11.2.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/1043)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Palette’

PDO-FR-A0185-AM02

Dáta na teachtaireachta: 15.1.2025

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Limistéar geografach

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán ‘Palette’ faoi phointe 1 ‘Limistéar geografach’ de Roinn IV ‘Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla’ de Chaibidil I, tríd an tagairt don Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2023 a chur leis, gan tuilleadh athraithe.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2023 den Chód Geografach Oifigiúil, a d’eisigh an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Cuirtear an doiciméad aonair i gcrích leis an tagairt seo don cheannteideal ‘limistéar geografach’.

2. An modh saothraithe

Forlíonadh Roinn ‘VI – Treorú fíniúnacha’ de Chaibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán ‘Palette’:

— faoi phointe 2°-b) Modhanna saothraithe eile: cuireadh foráil isteach lena sonraítear go bhfuil toirmeasc ar aon srianadh ceimiceach fiailí.

— faoi phointe 3° – Uisciú: leagadh síos na forálacha lena rialaítear uisciú. Tá toirmeasc ar uisciú leasaitheach lasmuigh den tréimhse uiscithe údaraithe agus ar shuiteálacha uiscithe faoi thalamh. Laghdaíodh an meánualach uasta an bhairr in aghaidh na dáileachta le haghaidh ceapacha uiscithe ó 6 000 kg/ha go 5 500 kg/ha chun cáilíocht na bhfíonchaor a chaomhnú.

Tugadh na forálacha sin anonn go dtí an doiciméad aonair faoin gceannteideal ‘Cleachtais fíonóireachta’.

3. Dáta cúrsaíochta fíonta

Leasaíodh Roinn IX ‘Na fíonta a phróiseáil agus a bhuidéalú’ de Chaibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán ‘Palette’. Faoi phointe 5°), scriosadh an dáta ónar féidir fíonta a chur i gcúrsaíocht idir trádálaithe agus bróicéirí chun gur féidir le fíonta a bheith i gcúrsaíocht i measc na n-oibreoirí uile agus chun deireadh a chur le haon riosca iomaíochta éagóraí.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

4. Oibleagáidí cigireachta maidir le táirgeoirí

Cuireadh Caibidlí II agus III den tsonraíocht táirge maidir le ceanglais tuairiscithe le haghaidh táirgeoirí agus na príomhphointí atá le seiceáil i gcomhréir leis an bplean cigireachta le haghaidh an ainmniúcháin.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Palette

2. **An cineál táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní fhéadfar an ainmniúchán tionscnaimh 'Palette' a úsáid ach amháin le haghaidh fíonta socra dearga, geala agus rosé.

— Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag na fíonta.

— Tráth an phacáistithe, tá cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 gram in aghaidh an lítir sna fíonta dearga.

— Tar éis coipeadh, tá cion siúcra choipthigh nach mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir sna fíonta geala agus rosé.

— Tar éis coipeadh, tá cion siúcra choipthigh nach mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir san fhíon dearg.

— Is i reachtaíocht an Aontais a leagtar síos an aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach agus an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair.

Tá dath dorcha ar na fíonta dearga, a bhfuil cumhracht mhín gharánta de thorthaí dearga uathu, go minic le bolaithe de leathar agus cócó agus tainniní fiala agus maothlacha. Is fíonta iad sin a choimeádann go maith agus is gá iad a aosú ar feadh tréimhse fhada i mbairillí adhmaid chun iad a aibiú.

Tá na fíonta rosé dea-chothromaithe agus galánta, a bhfuil cumhracht uathu a chuireann bláthanna agus torthaí i gcuimhne, agus tá struchtúr maith acu sa bhéal, ráthaíocht go bhfuil siad oiriúnach lena n-aosú.

Tá na fíonta geala casta agus dea-chothromaithe, agus bíonn cumhracht bhláthach uathu go ginearálta le bolaithe d'fhínéagar balsamach agus eithní péine, beogacht gharánta, iarbhlas maith marthanach agus cumas iontach maidir le haosú.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. An modh saothraithe

— Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 000 planda in aghaidh an heicteáir.

Níor cheart don achar idir na línte a bheith níos mó ná 2,50 méadar, agus ba cheart don achar idir plandaí sa líne chéanna a bheith 0,80 méadar ar a laghad.

— Déantar prúnáil spor (cuachphrúnáil nó prúnáil Royat) ar na fíniúnacha agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna. Bíonn 2 bhachlóg ar a mhéad ar gach spor. Mar eisceacht air sin, féadfaidh suas le 18 mbachlóg a bheith ar fhíniúnacha Syrah N agus 3 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an spoir.

— Is féidir fíniúnacha atá os cionn 50 bliain d'aois (51ú duilliú) a phrúnáil chuig níos mó ná 12 bhachlóg in aghaidh na fíniúna.

— Ceadaítear uisciú le linn shéasúr fáis na bhfíniúnacha i gcásanna triomach leanúnach amháin agus má tá triomach ag cur isteach ar fhorbairt fhiseolaíoch fhónta na bhfíniúnacha agus ar aibiú na bhfíonchaor.

— Tá toirmeasc ar uisciú leasaitheach lasmuigh den tréimhse uiscithe údaraithe.

— Tá toirmeasc ar chórais uiscithe faoi thalamh.

— I gcás ina n-údaraítear uisciú, socraítear gurb é atá in meánualach uasta an bhairr in aghaidh na dáileachta uiscithe 5 500 kg in aghaidh an heicteáir.

— Tá toirmeasc iomlán ar shrianadh ceimiceach fiailí.

— Tá toirmeasc ar úsáid a bhaint as meaisíní buainte fíonchaor nó as aon mhodh buainte eile nach bhfágann gur féidir na fíonchaora a iompar chuig an bhfíonlann ina dtriopaill iomlána.

— Tá sé éigeantach na fíonchaora buainte a shórtáil chun a áirithiú go bhfuil an cháilíocht is fearr is féidir ag na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh.

— Iompraítear an bhuaint i gcliathbhoscaí ag a bhfuil toilleadh uasta 50 cileagram fíonchaor.

2. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

— Maidir le fíonta rosé a dhéanamh, ceadaítear úsáid a bhaint as gualach fíoneolaíochta le haghaidh na n-úrfhíonta agus na bhfíonta óga fáiscthe atá fós faoi choipeadh, laistigh de theorainn de 10 % de thoirt na bhfíonta rosé arna ndéanamh ag saothróir fíona ainmnithe le haghaidh buainte sonraí, ag uasmhéid de 60 gram in aghaidh an heictilítir.

De bhreis ar na forálacha thuas, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha a bhaineann leis na fíonta seo na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

45 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta i gcodanna de na bardais seo a leanas i roinn Bouches-du-Rhône, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023: Aix-en-Provence, Meyreuil agus Le Tholonet.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Bourboulenc B - Doucillon blanc

Brun Fourca N

Cabernet Sauvignon N

Carignan N

Castets N

Cinsaut N - Cinsault

Clairette B

Clairette rose Rs

Colombaud B - Bouteillan

Durif N

Furmint B

Grenache N

Grenache blanc B

Mourvèdre N - Monastrell

Muscat d'Alexandrie B - Muscat, Moscato

Muscat de Hambourg N - Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains roses Rg – Muscat, Moscato

Pascal B

Picardan B - Araignan

Piquepoul blanc B

Syrah N - Shiraz

Terret gris G

Tibouren N

Téoulier N

Ugni blanc B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

a) - Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Tá an limistéar geografach, atá suite díreach lasmuigh de Aix-en-Provence, ina chiorcal a bhfuil coillte thart air, atá á dhraenáil ag abhainn Arc agus atá cosanta ó na gaotha ag cnoic Barres de Langesse agus Grand Cabri agus sliabh Cengle, ag bun mhais charraigeach thaibhseach shliabh Saint-Victoire.

Tógtar ainm ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Palette' ó ghráig den ainm sin atá lonnaithe i mbardas Tholonet.

Tá na dáileachtaí a úsáidtear chun na fíonchaora a bhuaint lonnaithe go beacht ar fhoirmíochtaí aolchloiche Treasaigh Lúitéiteacha, a chomhfhreagraíonn, sa limistéar, d'fhoirmíochtaí aolchloiche locha Montaiguet agus Langesse atá mar bhonn taca faoi chuid de bhardais Meyreuil, Tholonet agus Aix-en-Provence, ina bhfuil an limistéar geografach lonnaithe.

Tagraíonn geolaithe freisin do thréimhse 'Palette' chun tuairisc a thabhairt ar na foirmíochtaí sin.

Is ar aolchlocha locha Langesse agus Montaiguet agus ar an snaíochar timpeall na n-imeall is mó atá na hithreacha clochacha, dea-dhraenáilte cré-aolchloiche.

Mar thoradh ar an topagrafaíocht, tá aeráid Mheánmhuirí ar leith ann, atá cosanta ar na gaotha fuara aduaidh, agus chruthaigh sí limistéir ar na fánaí agus ar na bunchnoic ina dtéann 3 000 uair an chloig gréine ar an meán in aghaidh na bliana agus meánbháisteach bhliantúil 650 milliméadar chun tairbhe dóibh. Cuirtear feabhas ar an gcomhthéacs aeráide sin atá fabhrach cheana féin a thuilleadh le héifeacht fuaraithe oscailt an limistéir, trí ghleann Arc, ar mhurlach Etang de Berre, a scaiptear aon teocht ró-ard le linn an tsamhraidh mar gheall ar a leoithní farraige agus a chuidíonn le bogthaise bheag a choinneáil ar bun san oíche, rud a chruthaíonn na dálaí is fearr chun go n-aibeoidh na fíonchaora.

Tá na fíonghoirt suite i lár an cheantair tuaithe is iontaí a spreag an péintéir Francach Cézanne lena fhearsaidí dubha de chrainn cufróige, a fhíniúnacha, a gharráin ológ agus a chrainn ghiúise, atá ag éirí aníos as an talamh dearg.

b) - Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc

Cuireadh fíniúnacha, a d'fhástaí in pays d'Aix san am i bhfad i gcéin, ar bhealach níos córasaí le linn réimeas an Rí René [ar a dtugtar Le bon roi René – Rí Maith René], an rí is déantóir fíona, Diúc Anjou agus Cunta Provence. Thug Rí René cineálacha 'Panse' agus fíonchaora muscat isteach in Provence, a fhásann fós sa limistéar geografach ina dtáirgtear 'Palette'. Le linn na tréimhse sin, bhí cáil den scoth ar na fíonta a táirgeadh ar fhánaí ghleann Arc agus bhí an Rí dá lorg fiú.

Sa bhliain 1455, bhí sé ina úinéir ar chaisleán agus eastát Gardanne atá suite ar imeall theas chríoch Meyreuil.

Lasmuigh den eastát ríoga agus sa cheantar tuaithe máguaird, chuir an Rí René plandú fíonghort chun cinn. Ní údaródh sé aistrithe talún idir daoine príobháideacha in Gardanne ach amháin dá mbeadh fíniúnacha curtha sna dáileachtaí talún (Cartlanna Bouches-du-Rhône – 1472).

Ó thaifid ársa Chairmeiligh Mhóra Aix (cartlanna Roinne), foghlaimímid gur tháinig na manaigh sin, a tháinig ó Provence, chun bheith ina n-úinéirí ar 'Bastide de Meyreuil' in 1551. Rinne siad feirmeoireacht ar an eastát sin trí dhíriú ar ola olóige a tháirgeadh agus go háirithe fíonchaora agus fíon, agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar cháilíocht an fhíona agus na mbiotáillí a táirgeadh. Bhí na fíonta, a aithníodh mar fhíonta suntasacha, aosaithe cheana féin i siléir faoi thalamh, a bhí fós ann in 2009, agus go raibh na manaigh féin tar éis tochailt amach as an gcnoc.

Ós rud é gur athraíodh úinéireacht an eastáit arís agus arís eile, bhí na traidisiúin sin á gcoinneáil ar bun ar an eastát ag teaghlach Pascalis, agus ina dhiaidh sin ag teaghlach Rougier. Tá 'Domaine de la Simone', nó Eastát Simone, mar thoradh ar cheannacháin talún éagsúla a rinne athair, seanathair agus sin-seanathair an Uasail Jean Rougier. Rinneadh an chéad cheann de na ceannacháin seo ó 1838 agus rinneadh an ceann deireanach in 1896. Leis na ceannacháin sin, bhíothas in ann a raibh in 'Bastide' na gCairmeileach Mór agus i gceann d'áras ríoga an Rí René roimhe sin a chur le chéile arís agus ansin a fhorbairt. Is iad rogha na gcineálacha a rinne an teaghlach sin, an próiseas fíonóireachta mionchúiseach agus an t-aosú nádúrtha i siléir faoi thalamh an eastáit na cúiseanna leis an tóir mhéadaitheach atá ar fhíonta 'Château Simone' sa Fhrainc agus ar an gcoigríoch. In 1946, rinne teaghlach Rougier iarratas go n-aithneofaí an t-eastát mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe. Ós rud é go meastar gur ceart comhchoiteann é an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, molaimid seanainm 'Palette' a aithint, agus é á chur san áireamh go gcumhdaítear leis sin na gráigeanna máguaird (Les Trois Sautets, Languesse, etc.) ina dtáirgtear na fíonta cáiliúla sin freisin (faoi 'Domaine du Montaiguet', 'La Dominante', etc.).

Dá bhrí sin, seasann an fíonghort 'Palette', a cuireadh 500 bliain ó shin, amach mar gheall ar an raon cineálacha atá ann, atá comhdhéanta de chineálacha clasaiceacha Meánmhuirí: Bourboulenc B, Clairette B, Cinsaut N, Grenache N, Mourvèdre N, ach cineálacha níos sine freisin amhail: Brun Fourca N, Colombaud B, Panse Muscade B agus Panse du Roy René, a chuir le clú na bhfíonta 'Palette', a aithníodh faoi ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ó bhí 28 Aibreán 1948 ann.

In 2009, cumhdaíodh 43 heicteár sa limistéar faoi fhíniúnacha le haghaidh táirgeadh bliantúil de 1 600 heictilítear arna roinnt idir cúig tháirgeoir.

8.2. *Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge*

Déantar na fíonta dearga agus rosé a chumasc.

Déantar na fíonta dearga go príomha as na cineálacha fíonchaor Grenache N agus Mourvèdre N, in éineacht le roinnt cineálacha níos sine a d'imigh as an gcuid eile de Dheisceart na Fraince sa lá atá inniu ann.

Tá dath dorcha ar na fíonta sin, a bhfuil cumhracht mhín gharánta de thorthaí dearga uathu, go minic le bolaithe de leathar agus cócó agus tainniní fiala agus maothlacha. Is fíonta iad sin a choimeádann go maith agus is gá iad a aosú ar feadh tréimhse fhada i mbairillí adhmaid chun iad a aibiú.

Táirgtear na fíonta rosé go príomha ó chineálacha Grenache N agus Cinsaut N, a chumasctar le roinnt cineálacha an-ársa.

Tá na fíonta sin cothromaithe agus galánta, agus tá cumhracht uathu a chuireann bláthanna agus torthaí i gcuimhne agus tá struchtúr maith acu sa bhéal, rud a ráthaíonn go bhfuil siad oiriúnach don aosú.

Táirgtear na fíonta geala go príomha ó chineálacha Clairette B agus Clairette rose Rs, cumaiscthe le pailéad cineálacha atá curtha go háitiúil leis na céadta blianta.

Tá siad casta agus comhchuí, agus bíonn cumhracht bhláthach uathu go ginearálta le bolaithe d'fhínéagar balsamach agus d'eithní péine, beocht gharánta, iarbhlas maith marthanach agus cumas iontach maidir le haosú.

8.3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Ciallaíonn comhcheangal méasaeráide tirime d'éagsúlachtaí teochta teoranta agus topagrafaíocht an limistéir i bhfoirm ciorcail atá cosanta ó na gaotha aduaidh, ithreacha éadoimhne thar fhoirmíochtaí cré-aolchloiche agus na dálaí aeráide ar na fánaí, go bhfuil na dálaí is fearr is féidir ag na fíonghoirt 'Palette' uile chun fíonchaora de gach cineál a aibiú.

B'fhearr leis na táirgeoirí bithéagsúlacht leathan fíniúnacha a choinneáil ar bun agus dhiúltaigh siad d'aon chathú chun bonn na gcineálacha fíonchaor a shimpliú. I gcomhthéacs 'Palette', is í an éagsúlacht fíniúnacha sin an ráthaíocht maidir leis an léiriú is fearr ar an *terroir* áitiúil. Cuireann na seanchineálacha, a chaomhnaítear go cúramach, atá bainteach le cineálacha traidisiúnta na Meánmhara, le húrnuacht fíonta 'Palette' agus lena n-oiriúnacht ar leith maidir le haosú a thugann údar le cáil na bhfíonta sin.

Tríd an mbainistíocht fíniúnacha is fearr is féidir, leas a bhaint as fás agus acmhainneacht torthaí chun táirgeacht íseal a bhaint amach trí phrúnáil spoir, agus na dálaí is fearr chun go n-aibeoidh na fíonchaora a chomhcheangal, tá struchtúr ag na fíonta a tháirgtear lenar féidir iad a aosú, ar feadh tréimhsí fada uaireanta agus i mbairillí adhmaid, mar atá i gcás na bhfíonta dearga.

Chun modhanna saothraithe agus cáilíocht agus saintréithe an amhábhair a urramú, baintear na fíonchaora de láimh i gcónaí ionas gur féidir iad a iompar chuig an bhfíonlann i dtriopaill iomlána.

Chomh fada siar le 1772, tugann an tUasal Reboul, dlíodóir i bParlaimint na Fraince, le fios ina 'Barúlacha maidir le talmhaíocht Provence', go bhfuil príomhchúiseanna áirithe ann: 'tionchar na haeráide, cáilíocht na hithreach, an difríocht sna gnáthghaotha, an chosaint ón mbáisteach agus ón gceo, an aerchúrsaíocht mhaith, deisiúr an tír-raoin, suíomh den scoth na bhfíonghort...', a chuireann le cáilíocht an fhíona.

Deir Antoine David (i bhfóilió Aix – David 1772) 'gur chuir Monsieur Arnaud, bainisteoir Óstán Saint-Jacques ag Aix, úinéir bastaide [an focal Proibhinsise le haghaidh teach tuaithe nó feirm] gar do Aix, i gceantar Montaiguet, gur chuir sé fíniúnacha Mourvèdre go páirteach, fíniúnacha Brun-Fourca go páirteach, táirgeann sé an fíon ansin gur fearr leis na haíonna uile a fhanann san óstán ná na fíonta uile eile ó Provence'.

Bhain fíonta Tholonet agus Meyreuil an oiread sin cáile ag an am sin 'ón 18ú céad ar aghaidh, bhí sé de cheart ag áitritheoirí Meyreuil a bhfíon a thabhairt isteach i mbaile Aix saor ó dhleacht' (Encyclopédie des Bouches-du-Rhône - XV 168 - Ciclipéid Bouches-du-Rhône – Imleabhar XV lch. 168).

In 1906, chuir Éadbhard VII, Rí Shasana, a bhí ag dul tríd an réigiún, cor bealaigh sonrach air féin 'chun na fíonta móra áitiúla a bhlaiseadh'.

Deimhníodh an cháil sin thar na céadta blianta. Dá bhrí sin, in 1948, cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil na saineolaithe inar aithníodh fíonta 'Palette' mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'go bhfuil bród ann gur féidir aitheantas oifigiúil a thabhairt d'fhíonta Palette, bunaithe ar thraidisiún an-sean, as a ndintiúir maidir le barr feabhais a aithnítear go huilíoch'.

Tá clú agus cáil ar fhíonta 'Palette' fós iontaofa agus deimhníodh leo saineolas na dtáirgeoirí.

Le bialanna ardleibhéil, cuid acu lasmuigh den Fhrainc, ina gcuid mhór dá sciar den mhargadh, móide an margadh onnmhairiúcháin, deimhníonn an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint sin luach an táirgthe sin.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú le maolú chun fíonta a dhéanamh agus a aosú, cuimsítear an chuid sin de chríoch bhardais Meyreuil agus Le Tholonet i roinn Bouches-du-Rhône nach n-áirítear laistigh den limistéar geografach críochaithe.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfaidh fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Palette' an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Provence' a léiriú ar a lipéid. Ní fhéadfaidh méid litreacha an aonaid gheografaigh sin a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná méid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Ní mór an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Provence' a bheith le feiceáil sa réimse radhairc céanna leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-9dfd1458-f6c1-4175-aa88-4175ff0255d6